# Puzal Uillinne

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás - cruthanna 2T, línte agus uillinneacha<br>Tomhais - achar<br>*Naisc Thraschuraclaim - Teanga agus Litearthacht,*<br>*Na hEalaíona* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• freagracht mhéadaitheach a ghlacadh i roghnú agus in úsáid ábhar agus an mhatamaitic atá de dhíth ina gcuid oibre<br>• réimse straitéisí a fhorbairt le haghaidh réiteach fadhbanna, ag lorg dóigheanna le deacrachtaí a shárú<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid lena gcuid oibre a phlé agus a smaointeoireacht a mhíniú |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | géaruillinn, dronuillinn, maoluillinn, líne dhíreach/uillinn dhíreach, uillinn athfhillteach, triantán, ceathairshleasáin, céim, cearnóg, dronuilleog, comhthreomharán, rombas, eitleog, traipéisiam, triantán, comhchosach, dronuilleach, comhshleasach, scailéanach, rialta, neamhrialta, ceartingearach, cothrománach, trasnánach, fiarlíne, ingearach le chéile, comhthreomhar |
| **Áiseanna** | páipéar cearnógach, siosúr, uillinntomhas |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Iarr ar na daltaí ceathairshleasán a tharraingt ar pháipéar cearnógach ina bhfuil achar 196 $cm^2$. Ansin, úsáideann siad an cruth seo le míreanna mearaí a chruthú agus na critéir seo a leanas in úsáid acu:

- Ba chóir go mbeadh 6 phíosa ar a laghad i ngach puzal.
- Ba chóir go mbeadh gach píosa den mhíreanna mearaí ceathairshleasach.
- Ba chóir go mbeadh trí chineál dhifriúla de cheathairshleasán ar a laghad i ngach puzal.
- Ba chóir go mbeadh trí chineál dhifriúla de líne ar a laghad i ngach puzal.

Gearrann daltaí a bpuzail amach agus déanann siad iad a roinnt le comhscoláire sa dóigh go ndéanfaidh siad iarracht iad a réiteach. Lig dóibh airíonna gach puzail agus cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon siad na critéir a phlé. Thig leo grianghraif a thógáil, nó na cruthanna a tharraingt agus a lipéadú lena réitigh a thaifeadadh.

### 2 Gníomhaíocht 2

Iarr ar na daltaí ceathairshleasán a tharraingt ar pháipéar cearnógach ina bhfuil achar 196 $cm^2$. Ansin, úsáideann siad an cruth seo le míreanna mearaí a chruthú, na critéir seo a leanas in úsáid acu:

- Ba chóir go mbeadh 8 bpíosa ar a laghad i ngach puzal.
- Ba chóir go mbeadh ceathairshleasáin agus triantáin i ngach puzal.
- Ba chóir go mbeadh dhá chineál dhifriúla de cheathairshleasán ar a laghad i ngach puzal.
- Ba chóir go mbeadh dhá chineál dhifriúla de thriantáin i ngach puzal.

Gearrann daltaí a bpuzail amach agus déanann siad iad a roinnt le comhscoláire sa dóigh go ndéanfaidh siad iarracht iad a réiteach. Lig dóibh airíonna gach puzail agus cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon siad na critéir a phlé. Spreag na daltaí le huillinneacha inmheánacha gach crutha a thomhas, agus le labhairt faoin méid a thug siad faoi deara. Na smaointe féideartha ná líon na ndronuillinneacha, suimíonn na huillinneacha i dtriantán go 180°, suimíonn na huillinneacha ar líne shiméadrachta go 180°. Thig leo grianghraif a thógáil nó na cruthanna, línte agus uillinneacha a tharraingt agus a lipéadú lena réitigh a thaifeadadh.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad iad na cruthanna difriúla atá le feiceáil i do phuzal?<br>• Cad iad na línte atá le feiceáil i do phuzal?<br>• Cad iad na huillinneacha atá le feiceáil i do phuzal?<br>• Cad é imlíne/achar an chrutha x?<br>• Cá mhéad dronuillinn atá i do phuzal?<br>• An bhfuil na cruthanna uilig i do phuzal rialta/neamhrialta? | • Cad é a thugann tú faoi deara maidir leis na cruthanna/uillinneacha/línte i do phuzal?<br>• Cad é mar a chinntigh tú gur chomhlíon tú na critéir do do phuzal?<br>• Cad iad na straitéisí a d'úsáid tú leis an phuzal a réiteach? |

## Difreáil

Socraigh líon/castacht na gcritéar de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.